Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10241/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0139(NLE)**

**ENV 631**
**MAR 83**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9254/23 - COM(2023) 236 final |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choimisiún a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Chinneadh 2021/01 ó OSPAR maidir le bunú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov agus Moladh 2021/01 ó OSPAR maidir le Bainistiú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov<br>- Glacadh |

1. An 10 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais mar chuid den Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh i ndáil le leasuithe ar an gCinneadh maidir le dealú agus ar an Moladh maidir le bainistiú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov (NACES MPA)[1]. Tá gá le cinneadh ón gComhairle toisc go bhfuil Coimisiún OSPAR chun an Cinneadh seo atá beartaithe maidir le dealú agus an Moladh seo atá beartaithe maidir le bainistiú a ghlacadh le linn an 26ú cruinniú rialta a bheidh aige an 26 Meitheamh 2023.

[1] 9254/23.

2. An 16 Bealtaine, phléigh an Mheitheal um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil (WPIEI) (UNECE agus saincheisteanna réigiúnacha eile) an togra le linn físchomhdháil neamhfhoirmiúil. An 30 Bealtaine, scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol (WPE) an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht mar a leagtar amach in 9644/23 é.

3. Rinneadh an téacs comhréitigh athbhreithnithe ón Uachtaránacht a d'eascair as an bplé agus na barúlacha a fuarthas (9644/1/23 REV 1) a scaipeadh ar na toscaireachtaí lena chomhaontú faoi chomhairliúchán i scríbhinn ar tháinig deireadh leis an 2 Meitheamh.

4. Is léir ó thoradh an chomhairliúcháin i scríbhinn go bhfuil an téacs comhréitigh athbhreithnithe ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach in 9976/23 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha air ag na saineolaithe dlí agus teanga, inghlactha.

5. Iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u>, dá bhrí sin, a mholadh don <u>Chomhairle</u>:

- an Cinneadh, mar a leagtar amach in 9976/23 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag an gcruinniú a bheidh aige an 20 Meitheamh 2023;

- Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas maidir lena Cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.